


Tuarascáil Riosca Oifige – Feabhra 2024

Tá próiseas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an Oifig le coiste bainistithe priacal (CBP) ar a bhfuil triúr stiúrtóir iniúchta ag déanamh maoirseachta ar an bpróiseas. Buaileann an CBP le chéile uair sa ráithe agus déanann siad measúnú ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le bainistíocht riosca a rinneadh a thaifeadadh ar Chlár Riosca na hOifige agus aon rioscaí atá ag teacht chun cinn.

Mar chuid den phróiseas bainistíochta riosca taobh istigh den Oifig, foilsíonn an CBP clár riosca corparáideach ar an idirlín uair saráithe ag leagan amach na deich riosca is mó, a léirítear ar 'léarscáil teasa'. Seo hiad a leanas na rioscaí 'iarmharacha', ag cur rialuithe maolaitheacha san áireamh. Tá míniú achomair ar gach riosca sa tábla atá ceangailte. Tá conclúid ghinearálta an CBP ar dhul chun cinn ar bhainistiú rioscaí a bhfuil ráta 'ard' orthu tugtha i gcuid na 'gconclúidí'.



Grád	Riosca
1	Folúntais nach bhfuil líonta
2	Sárúithe cibearshlándála agus/nó sárúithe sonraí
3	Nochtaí a dhéantar don/faoin Oifig nach bhfreagraítear mar is ceart
4	Cliseadh freastal d'oibleagáidí corparáideacha maidir le gníomhú ar son na haeráide, lena n-airítear astaíochtaí carbóin
5	Córais FT neamhéifeachtacha agus/nó úsáid anailísíochta sonraí agus IS
6	Fadhbanna a bhaineann le haschur ag an am ceart
7	Easpa scileanna riachtanacha speisialtóra
8	Sláinte agus sábháilteacht an fhoireann
9	Folúntais nach bhfuil líonta
10	Sárúithe cibearshlándála agus/nó sárúithe sonraí

Conclúidí CBP

Ní mheasann an CBP go bhfuil aon rioscaí iarmharacha a bhfuil ráta ard ag baint leo ann ag an am seo. Rinne an CBP athbhreithniú ar dhul chun cinn i mbainistíocht rioscaí mar atá leagtha amach sna gníomhartha láimhseála riosca agus rinne siad machnamh ar rioscaí tuairiscithe agus rioscaí a bhí ag teacht chun cinn. Níor tuairiscíodh aon rioscaí ar an gcóras tuairiscithe riosca.

Ba é conclúid ghinearálta an CBP i Mí na Feabhra 2024 ná gurb easpa foirne an riosca iarmharach is mó atá roimh an Oifig, mar gheall ar fholúntais nach bhfuil líonta. Baineann an dá riosca is suntasaí ina dhiaidh sin le cibearshlándáil agus/nó sárúithe sonraí agus le nochtaí a dhéantar don/faoin Oifig nach bhfreagraítear mar is ceart.